# Cuntas a thabhairt ar an Deontas Tionscnaimh Ranga Speisialta

(arna chruthú Iúil 2025)

## 1. Réamhrá

Gheobhaidh scoileanna arna gceadú ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) chun rang speisialta nua a oscailt don scoilbhliain 2025/2026 deontas Tionscnaimh€30,000. Tacaíonn an deontas seo le scoileanna timpeallachtaí foghlama oiriúnacha a bhunú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) níos casta nó níos déine acu.

Íocfar deontas Tionscnaimh suas le €30,000 le gach scoil arna ceadú ag CNOS chun rang speisialta nua a oscailt do scoilbhliain 2025/26. Baineann an íocaíocht deontais seo le gach rang speisialta nua agus ní gá do na scoileanna ábhartha iarratas a dhéanamh ina leith. Íoctar an deontas seo go huathoibríoch le scoileanna (príomhshrutha nó speisialta) a luaithe a cheadaíonn an NCSE an rang speisialta.

Tabharfaidh an deontas seo a dhóthain solúbthachta do scoileanna chun bunú ranganna speisialta nua a éascú. Cuimseoidh sé an deontas tosaithe reatha, deontas chun seomra céadfach a fheistiú/spás ciúin a chruthú, chomh maith le deontas Troscán & Trealamh agus deontas TFC a bhfuil luach iomlán de €30,000 aige. Má chomhlíontar na bunriachtanais ina n-iomláine, is féidir le scoileanna aon mhaoiniú iarmharach a úsáid le haghaidh mionfheabhsuithe eile a dhéanamh laistigh den scoil a thacóidh le cuimsiú daltaí a bhfuil RSO acu.

## 2. Cóireálacha Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, ar an tslí a caitheadh an deontas agus ar aon iarmhéid nár caitheadh.

## 2 Ceannach Caipitil: Daingneáin, Feistis agus Trealamh leis an Deontas Tionscnaimh

### 2.1 Nuair a fhaightear an t-ioncam deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Tionscnaimh Faighte | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2173 | Deontais/Ioncam Caipitil Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |

### 2.2 Nuair a úsáidtear deontas chun Daingneáin, Feistis agus Trealamh a cheannach:

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Tionscnaimh Caite | DR | 1421 | Caipiteal: Daingneáin, Feistis agus Trealamh - Breiseanna Sócmhainn Sheasta |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Aistriú Tionscnaimh Deontas Caipiteal & Áirithintí | DR | 2173 | Deontais Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |
| | CR | 3920 | Ioncam Deontais ón RO faoi chomhair Daingneán, Feisteas agus Trealaimh Caipiteal & Cúlchistí |

### 2.3 Amúchadh deontas

Teicníc chuntasaíochta is ea an t-amúchadh a úsáidtear chun an luach deontais de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Ba cheart an Deontas Tionscnaimh arna aicmiú mar dheontas caipitil thuas a aithint sa

Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn córasach. Moltar gur chóir an caiteachas deontais a amúchadh thar 5 bliana.

Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile na deontais a amúchadh ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Amúchadh | DR | 3925 | Amúchadh Carntha ar Ioncam ó Threalamh Caipitil<br>Caipiteal & Cúlchistí |
| | CR | 3225 | Amúchadh ar Dheontais Trealaimh ón RO<br>Ioncam |

**Nóta 1:** Beartas um Amúchadh - Deontas amúchta thar tréimhse 5 mbliana.

## 2.4 Dímheas ar chaiteachas ar throscán/trealamh

Teicníc chuntasaíochta is ea an dímheas a úsáidtear chun luach caiteachais caipitil de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Aithneofar an caiteachas caipitil sa Tuarascáil ar Ioncam agus Caiteachas ar bhonn córasach. Moltar an deontas a chaitear a dhímheas thar thréimhse 5 bliana.

Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile an dímheas ar chaiteachas an deontais tionscnaimh ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Dímheas Daingneáin, Feistis agus Trealamh An Bhliain Reatha | DR | 8020 | Dímheas Bliantúil: Daingneáin, Feistis agus Trealamh<br>Caiteachas |
| | CR | 1431 | Dímheas: Daingneáin, Feistis agus Trealamh - Bliain Reatha<br>Sócmhainn Sheasta |

**Nóta 2:** Beartas Dímheasa maidir le Troscán/Trealamh - Míreanna dímheasta thar tréimhse 5 bliana.

## 3. Ceannach TFCag baint leasa as an Deontas Tionscnaimh

### 3.1 Nuair a fhaightear an t-ioncam deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Tionscnaimh Faighte | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2173 | Deontais Chaipitil Imfhálaithe Eile/Ioncamgan Chaitheamh Dliteanas Reatha |

### 3.2 Nuair a úsáidtear an deontas chun Trealamh TFC a cheannach:

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Tionscnaimh Caite | DR | 1461 | Calpiteal: TFC Breiseanna Sócmhainn Sheasta |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Aistriú Tionscnaimh Deontas Caipiteal & Áirithintí | DR | 2173 | Deontais Imfhálaithe Eile Gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |
| | CR | 3921 | Ioncam ó Dheontas Caipitil TFC na Roinne Oideachais Caipiteal & Cúlchistí |

### 3.3 Amúchadh ar an Deontas TFC

Teicníc chuntasaíochta is ea an t-amúchadh a úsáidtear chun an luach deontais de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Déanfar an deontas tionscnaimh a aithnítear mar dheontas caipitil thuas a aithint sa Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn córasach. Moltar gur chóir an deontas a chaitear a amúchadh thar 3 bliana.

Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile na deontais a amúchadh ag deireadh na bliana.

| Beart | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Deontas TFC a amúchadh | DR | 3926 | Ioncam ó Amúchadh Carntha ón Deontas TFC Caipitiúil<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3226 | Amúchadh ar Dheontas TFC RO<br>Ioncam |

**Nóta 3:** Beartas um Amúchadh - Deontas amúchta thar tréimhse 3 mbliana.

### 3.4 Dímheas Caiteachais Chaipitiúil ar TFC

Teicníc chuntasaíochta is ea an dímheas a úsáidtear chun luach caiteachais caipitil de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Aithneofar an caiteachas caipitil sa Tuarascáil ar Ioncam agus Caiteachas ar bhonn córasach. Moltar gur chóir an deontas a chaitear a dhímheas thar 3 bliana.

Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile an dímheas ar chaiteachas an deontais tionscnaimh ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Dímheasa TFC | DR | 8060 | Dímheas Bliantúil:<br>TFC<br>Caiteachas |
| | CR | 1471 | Dímheas:<br>TFC An Bhliain Reatha<br>Sócmhainn Sheasta |

**Nóta 4:** Beartas Dímheasa TFC - Míreanna dímheasta thar tréimhse 3 bliana.